2024/2038

29.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2038 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 17 Iúil 2024

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1686 (EUNAVFOR ASPIDES/3/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear na cinntí maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES.

(3) An 11 Meitheamh 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1686 ([2]), lenar ceapadh an Captaen (Cabhlach) George PASTOOR mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES ón 15 Meitheamh 2024.

(4) An 10 Iúil 2024, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Seachaimiréal Massimo BONU a cheapadh i gcomharbas ar an gCaptaen (Cabhlach) George PASTOOR mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES ón 8 Lúnasa 2024 ('an ceapachán molta').

(5) An 11 Iúil 2024, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán molta sin.

(6) An 12 Iúil 2024, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an ceapachán atá beartaithe.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Massimo BONU a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1686 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Massimo BONU ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ón 8 Lúnasa 2024.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/1686 a aisghairm.

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1686 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 11 Meitheamh 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES/2/2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/644 (IO L, 2024/1686, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1686/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An tUachtarán

D. PRONK